Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14519/23**

**ENER 565**
**ENV 1164**
**CLIMA 499**
**IND 550**
**RECH 464**
**COMPET 1021**
**ECOFIN 1076**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4080 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 20.10.2023<br>maidir le bochtaineacht fuinnimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4080 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4080 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.10.2023
C(2023) 4080 final

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.10.2023**

**maidir le bochtaineacht fuinnimh**

{SWD(2023) 647 final}

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20.10.2023**

**maidir le bochtaineacht fuinnimh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léiríonn na figiúirí is déanaí nach raibh thart ar 40 milliún Eorpach ar fud na mBallstát uile, arb é atá ann 9,3 % de dhaonra an Aontais, in ann a mbaile a choinneáil te go leor in 2022. Is méadú mór é sin ó 2021 i leith nuair a bhí 6,9 % den daonra sa staid chéanna[1]. Tá níos mó ná dúbailt tagtha ar an sciar de dhaoine sna catagóirí ísealioncaim. Léiríonn na figiúirí sin a thromchúisí atá an cás, ag iarraidh ar lucht déanta beartas gníomhaíocht a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh faoi chuimsiú aistriú cothrom agus cóir, aistriú a áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár.

(2) Is feiniméan ilghnéitheach í an bhochtaineacht fuinnimh. In go leor cásanna, is iad 3 bhunchúis is mó is cúis leis an staid sin, a bhaineann le hardchaiteachas fuinnimh i gcomhréir le buiséad an teaghlaigh, le leibhéil ísle ioncaim, agus le feidhmíocht íseal fuinnimh foirgneamh agus fearas. Is féidir le tosca geografacha agus aeráide, tréithe teaghlaigh, inscne, sláinte, agus riachtanais shonracha fuinnimh agus iompair teaghlaigh tionchar breise a imirt ar staid teaghlaigh. Mar sin, teaghlaigh a bhfuil mór-riachtanais fuinnimh acu, lena n-áirítear teaghlaigh lena mbaineann leanaí, daoine faoi mhíchumas, agus daoine scothaosta, tá siad níos soghabhálaí i leith bochtaineacht fuinnimh agus na n-éifeachtaí a bhíonn aici. Bíonn tionchar ar leith ag an mbochtaineacht fuinnimh ar mhná, agus go háirithe orthu siúd freisin ar tuismitheoirí aonair agus mná scothaosta iad, mar gheall ar éagothromaíochtaí struchtúracha i ndáileadh ioncaim, i stádas socheacnamaíoch agus sa bhearna chúraim idir na hinscní.

(3) Ó lár-2021 i leith, bhí tionchar ag praghsanna arda fuinnimh ar mhargaí fuinnimh an Aontais. Tá aghaidh á tabhairt ag níos mó daoine ar dheacrachtaí ar dheacrachtaí a gcuid billí fuinnimh a íoc. Ní raibh sé sin teoranta d'ioncam íseal agus do shaoránaigh leochaileacha, a chaith sciar díréireach níos airde dá n-ioncam ar fhuinneamh, ach bhí tionchar aige freisin ar go leor saoránach meánioncaim. Ghníomhaigh an tAontas le chéile laistigh den chreat Eorpach ábhartha agus de ghealltanais idirnáisiúnta chun cúrsaí a mhaolú do shaoránaigh na hEorpa. Mar sin féin, tá gá fós le tuilleadh gníomhaíochtaí spriocdhírithe ar an leibhéal náisiúnta.

(4) I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go comhpháirteach an 17 Samhain 2017[2] agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe[3] a glacadh in 2015, áirítear

[1] Foinse: Eurostat (ilc_mdes01)
[2] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (IO C 428, 13.12.2017, lch. 10).
[3] I mBun Athraithe:Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (un.org), A/RES/70/1.

fuinneamh i measc na seirbhísí riachtanacha a bhfuil gach duine i dteideal rochtain a fháil orthu. Ní mór tacaíocht a bheith le fáil ag daoine atá i ngátar chun rochtain a fháil ar na seirbhísí sin. Déantar tagairt sa Cholún freisin don cheart chun cabhair agus cosaint iomchuí a fháil ar dhíshealbhuithe éigeantacha ó thithíocht[4].

(5) Cuirtear i dtábhacht sa Chomhaontú Glas don Eoraip[5] gur gá don aistriú a bheith cóir agus cuimsitheach, gur gá dó tús áite a thabhairt do dhaoine agus gur gá dó aird ar leith a thabhairt ar thacú leis na réigiúin, na tionscail, na hoibrithe, na teaghlaigh agus na tomhaltóirí sin a mbeidh na dúshláin is mó rompu san aistriú sin. Thairis sin, cuirtear i dtábhacht sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le '*A Strong Social Europe for Just Transitions'* [Eoraip Láidir Shóisialta d'Aistrithe Córa][6] go dtabharfar na huirlisí don Aontas féachaint le níos mó a bhaint amach maidir le cóineasú aníos, cothroime shóisialta agus rathúnas comhroinnte, tríd an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme.

(6) I Moladh (AE) 2020/1563[7] agus sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis[8] cuirtear treoir ar fáil maidir le bochtaineacht fuinnimh agus maidir leis an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le líon mór teaghlach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Sainaithníodh ann sraith de 13 tháscaire maidir le bochtaineacht fuinnimh as ar féidir leis na Ballstáit iad sin atá ar fáil agus atá ábhartha dá gcomhthéacs a roghnú chun bochtaineacht fuinnimh a shainaithint ina gcríoch féin, lena léirítear gnéithe éagsúla den bhochtaineacht fuinnimh, agus tacair sonraí mhalartacha a úsáid chun réaltachtaí áitiúla a léiriú, amhail róthéamh sa samhradh, inscne agus cúlra eitneach, agus sonraí maidir le hioncam agus tomhaltas fuinnimh a chrostagairt go comhpháirteach chun dúshláin inacmhainneachta teaghlach ag bhfuil bochtaineacht fuinnimh a thuiscint.

(7) Sa Mholadh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta[9] a áirithiú, meabhraítear gurb iad an chothroime agus an dlúthpháirtíocht prionsabail shainiúla bheartais an Aontais i dtreo an aistrithe ghlais agus gur réamhchoinníoll iad dá thacaíocht leathan mharthanach i measc an phobail.

(8) Leis na cuspóirí a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Mholadh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom agus sna Moltaí ón gCoimisiún maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh, soláthraítear creat chun bochtaineacht fuinnimh a shainaithint sna Ballstáit trí bhéim a chur ar phrionsabail mar atá rochtain ar fhuinneamh, cuimsitheacht, cothroime agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Baineann na prionsabail sin go léir le teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh.

---

4 Prionsabail 19 'Tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean' agus 20 'Rochtain ar sheirbhísí riachtanacha'.

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Comhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)640 final).

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún '*A Strong Social Europe for Just Transitions'* [Eoraip Láidir Shóisialta d'Aistrithe Córa] (COM/2020/14 final).' (COM/2020/14 final).

7 Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le bochtaineacht fuinnimh (IO L 357, 27.10.2020, lch. 35).

8 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin Treoir ón Aontas maidir leis an mBochtaineacht Fuinnimh (SWD(2020)960 final)

9 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04 (IO C 243, 27.6.2022, lch. 35).

Is é fuinneamh an tseirbhís riachtanach a bhfuil na bearnaí rochtana is airde di san Aontas[10].

(9) Tugadh isteach coincheap na bochtaineachta fuinnimh in 2009 le Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus ó shin i leith leathnaíodh é san insint faoi aistriú fuinnimh cóir agus cothrom. Leis na forbairtí dlíthiúla is déanaí a tugadh isteach tríd an bpacáiste 'Oiriúnach do 55'[12], cuirtear cur chuige cuimsitheach i láthair chun dul i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh. Leis an bpacáiste, tugadh isteach an chéad sainmhíniú ar bhochtaineacht fuinnimh ar fud an Aontais i dTreoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] mar aon le forálacha maidir le tosaíocht a thabhairt do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe foirgneamh i measc grúpaí atá tearc ó thaobh fuinnimh de agus grúpaí leochaileacha eile.

(10) Baineann bochtaineacht fuinnimh leis na Ballstáit go léir. Dá bhrí sin, le hAirteagal 3(3), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], ceanglaítear ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar líon na saoránach atá i mbochtaineacht fuinnimh, cuspóir a bhunú chun an líon sin a laghdú má tá sé mór, agus tuairisc a thabhairt ar na beartais agus ar na bearta lena dtugtar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh ina bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide deiridh. Bhí ar na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur isteach den chéad uair in 2019.

(11) Is é sainmhíniú ar bhochtaineacht fuinnimh a chumhdach sa dlí náisiúnta an chéad chéim chun an fhadhb agus a comhthéacs níos leithne a aithint agus a shainaithint. Tacóidh sé leis na gníomhaithe ábhartha uile chun na freagairtí cearta a cheapadh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus an meascán de na trí phríomhchúis atá leis á gcur san áireamh, is é sin le rá, ísealioncam, billí fuinnimh níos airde agus éifeachtúlacht íseal fuinnimh.

(12) Tá coincheap na bochtaineachta fuinnimh nasctha, ach tá sé éagsúil ó choincheap na gcustaiméirí leochaileacha. In Airteagal 28 de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus in Airteagal 3(3) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], ceanglaítear ar na Ballstáit coincheap an

---

10 SWD(2023) 213 final/2

11 Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 55).

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2021) 550 final).

13 Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1).

14 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

15 Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach do leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

16 Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

chustaiméara leochailigh a shainmhíniú, coincheap a bhféadfadh bochtaineacht fuinnimh agus critéir eile a bheith ag gabháil leis, amhail rí-spleáchas ar threalamh leictreach ar chúiseanna sláinte agus aoise.

(13) Chuir ocht mBallstát déag an bhochtaineacht fuinnimh san áireamh mar fheiniméan ar leith sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide atá acu cheana féin, ach tá mionsonraí maidir le sainmhínithe, tomhas soiléir, agus beartais dhíreacha chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh clúdaithe ag thart ar leath na mBallstát[17].

(14) Ceanglaítear ar na Ballstáit a bpleananna náisiúnta agus a bpleananna aeráide a thabhairt cothrom le dáta faoi mhí an Mheithimh 2024. Ba cheart tacú leo sa chleachtadh sin agus le linn dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh ar an leibhéal náisiúnta trí phacáistí beartais éifeachtacha agus trí threoir bhreise a chomhlánódh Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún.

(15) Le Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] bunaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha dáileacháin a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar chumhdach foirgneamh agus iompar de bhóthar a leathnú le córas nua trádála astaíochtaí de chuid an Aontais don dá earnáil sin agus don tionscal beag (ETS2) i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE[19]. Is é is aidhm don Chiste Sóisialta Aeráide cistiú a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, micrifhiontair leochaileacha agus úsáideoirí iompair leochaileacha a ndéanann bochtaineacht fuinnimh agus iompair difear mór dóibh trí thacú le hinfheistíochtaí le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe agus rochtain ar shoghluaisteacht agus iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle. Chun an cistiú a chur ar fáil, ní mór do na Ballstáit a bPleananna Aeráide Sóisialta a thíolacadh faoi mhí an Mheithimh 2025 agus cur le nuashonruithe 2024 ar a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide.

(16) Is deis do na Ballstáit é nuashonrú na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus bunú na bPleananna Aeráide Sóisialta de bhun Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ní hamháin uaillmhian níos mó chreat dlíthiúil an Aontais ó thaobh cuspóirí fuinnimh agus aeráide de a léiriú, ach freisin cothroime a chothú agus creat cobhsaí a sholáthar chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú.

(17) Tá sé ríthábhachtach sonraí maidir le táscairí leordhóthanacha a bhailiú chun líon na ndaoine atá i mbochtaineacht fuinnimh a shainaithint. Modúil ad hoc roghnacha de na staitisticí Eorpacha maidir le hioncam, cuimsiú sóisialta agus dálaí maireachtála, amhail na staitisticí maidir leis an éagumas teaghaisí a choinneáil deas fionnuar le linn an tsamhraidh agus maidir le cumas an teaghlaigh íoc as leibhéal leordhóthanach tomhaltais fuinnimh sa bhaile, arna ndéanamh in 2023, nó maidir le héifeachtúlacht

---

17 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh, Bouzarovski, S., Thomson, H., Cornelis, M. et al., *Towards an inclusive energy transition in the European Union*: [I dtreo aistriú fuinnimh cuimsitheach san Aontas Eorpach:] ag tabhairt aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh le linn géarchéim dhomhanda, Oifig na bhFoilseachán, 2020, https://data.europa.eu/doi/10.2833/103649.

18 Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060

19 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32 ).

fuinnimh a rinneadh in 2024, is féidir leo sonraí úsáideacha breise a sholáthar a bheidh ábhartha chun líon na dteaghlach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh a shainaithint i gcomhthéacsanna náisiúnta nó réigiúnacha. Mar gheall ar an dóchúlacht mhéadaitheach go mbeidh tonnta teasa mar thoradh ar an athrú aeráide, d'fhágfadh faisnéis a bhaineann le cumas an teaghlaigh gach riachtanas fuinnimh sa bhaile a chomhlíonadh go bhféadfaí beartais agus roghanna a ghlacadh ar bhealach níos fearr agus níos spriocdhírithe chun dul i ngleic le teas agus guaiseacha eile aeráide chomh maith le tionchair na bochtaineachta fuinnimh.

(18) I roinnt Ballstát, tugtar aghaidh go príomha ar bhochtaineacht fuinnimh ó thaobh na hinacmhainneachta de trí scéimeanna tacaíochta do theaghlaigh leochaileacha, trí aghaidh a thabhairt ar an neamh-inacmhainneacht tithíochta agus fuinnimh agus cuirtear ar fáil, i bhfoirm laghduithe cánach, rudaí ar nós taraifí sóisialta, dearbháin fuinnimh, nó liúntais téimh. Athraíonn gach beart praghais an costas imeallach a bhaineann le tomhaltas fuinnimh. Tá scéimeanna den sórt sin tábhachtach i gcás géarchéime agus tá gá leo in éagmais uasghráduithe struchtúracha, ach níl siad ina mbonn le feabhsuithe struchtúracha ar mhaithe le teaghlaigh leochaileacha. Is féidir leo dreasachtaí a laghdú chun tomhaltas fuinnimh a laghdú agus infheistíocht a dhéanamh i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh. Le bearta ioncaim tugtar faoiseamh láithreach gan costas imeallach an tomhaltais fuinnimh a athrú go díreach, ach ní bhíonn tionchar fadtéarmach acu ar an éileamh ar fhuinneamh. Dá bhrí sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do bhearta ina dtugtar cumhacht agus cumas do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus do theaghlaigh leochaileacha a gcéimeanna féin a dhéanamh chun feabhas a chur ar a mbealaí maireachtála ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh agus tomhaltas fuinnimh in-athnuaite de.

(19) Agus aghaidh á tabhairt ag na Ballstáit ar theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh, úsáideann siad meascán de chineálacha cur chuige agus de ghníomhaíochtaí atá éagsúil ó thaobh tionchair de ar thomhaltóirí deiridh: díríonn bearta tacaíochta praghsanna go díreach ar an bpraghas deiridh fuinnimh a íoctar; le scéimeanna tacaíochta ioncaim coimeádtar comhartha phraghas an mhargaidh agus, dá bhrí sin, tugtar dreasachtaí i gcónaí chun tomhaltas fuinnimh a laghdú agus ag an am céanna cuirtear le hinacmhainneacht an tomhaltais fuinnimh, agus bearta níos struchtúrtha lena dtugtar aghaidh ar inacmhainneacht fhadtéarmach scéimeanna fuinnimh. Is éard is bearta struchtúracha ann na bearta sin lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh trí infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh nó i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite. Bíonn tionchair fhadtéarmacha acu agus tacaíonn siad le cuspóir an Aontais maidir le haistriú fuinnimh cothrom. Dá bhrí sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh in éineacht le bearta sóisialta ábhartha comhlántacha. Ba cheart aidhm a bheith ann freisin leis na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit na roghanna fuinnimh do chustaiméirí a éagsúlú agus, ag an am céanna, cosc a chur ar chustaiméirí leochaileacha éirí spleách ar bhreoslaí iontaise, go háirithe gás iontaise, gual, agus ola lena mbainfeadh riosca go mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar chostais mhéadaitheacha líonra agus riaracháin le linn an aistrithe. Dá bhrí sin, braitheann na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh go mór ar an meascán beartais a roghnaítear.

(20) Le linn na géarchéime fuinnimh, tháinig méadú ar úsáid ionstraimí ioncaim agus praghsanna ar fud an Aontais mar gheall ar an ngá le tomhaltóirí a chosaint ar phraghsanna arda luaineacha fuinnimh. Ní raibh an chuid is mó de na bearta spriocdhírithe go leor, áfach. Cé go gcuirtear líontáin sábhála shóisialta luachmhara ar fáil le bearta tacaíochta ioncaim, ar féidir feidhm a bhaint astu go tapa agus, nuair a

bhíonn siad spriocdhírithe, faoiseamh láithreach a thabhairt do theaghlaigh atá buailte, is dócha nach mbeidh tionchar struchtúrach acu tar éis thréimhse na heisíocaíochta nó an chur i bhfeidhm agus d'fhéadfadh an baol a bheith ann go gcruthófaí éifeacht ghlasála ar úsáid breoslaí iontaise agus spleáchas ar fhóirdheontais. Tá an baol ann freisin go laghdófaí, mar gheall orthu, an cistiú poiblí le haghaidh bearta níos struchtúrtha atá dian ar chaipiteal, amhail athchóirithe foirgneamh.

(21) Cosnaítear an rochtain ar fhuinneamh san Aontas le creat dlíthiúil an Aontais agus tugtar seirbhís uilíoch do thomhaltóirí, go háirithe, i gcás an leictreachais. Chomh maith le tacaíocht inacmhainneachta dóibh siúd atá i ngátar, chuir formhór na mBallstát córas soláthróra na rogha deiridh i bhfeidhm chun tomhaltóirí a chosaint i gcás ina dteipfeadh ar sholáthróir. Chun tomhaltóirí a chosaint tuilleadh agus leanúnachas an tsoláthair a áirithiú, moltar do na Ballstáit a áirithiú gur ann do sholáthróir na rogha deiridh.

(22) De bhun Airteagal 10(11) de Threoir (AE) 2019/944, déanfaidh soláthróirí faisnéis iomchuí a sholáthar do chustaiméirí teaghlaigh faoi bhearta malartacha ar an díscor fada go leor roimh aon díscor atá pleanáilte. Ba cheart cosaint leordhóthanach a thabhairt do chustaiméirí leochaileacha ar dhíscoir leictreachais agus níor cheart go bhfágfaí i staid iad a chuirfeadh iallach orthu dícheangal a dhéanamh. Chun rochtain ar fhuinneamh a choimirciú do na daoine is leochailí, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun gníomhú agus cur leis na dea-chleachtais i dtaobh na gcúrsaí sin ar fud an Aontais.

(23) Mar gheall ar a chasta atá sí, ní mór dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh mar shaincheist ildisciplíneach, lena n-éilítear cur chuige ilearnálach a chuimseoidh thar aon rud eile, ach ní hamháin, earnálacha an fhuinnimh agus an bheartais shóisialta, agus na hoibleagáidí dlíthiúla nithiúla sa reachtaíocht fuinnimh agus aeráide á gcur san áireamh ag an am céanna. Dá bhrí sin, leis an gcóras rialachais don bhochtaineacht fuinnimh, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le comhar trasrannach ingearach ar fud na struchtúr rialtais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, chomh maith le comhairliúchán níos leithne leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus leis na comhpháirtithe sóisialta ó earnálacha éagsúla chun rannchuidiú le cinnteoireacht fheasach. D'fhéadfaí idirphlé il-leibhéil fuinnimh agus aeráide arna bhunú de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2018/1999 a mheas freisin chun na críche sin.

(24) Is é buntáiste na bhfaireachlann um an mbochtaineacht fuinnimh go dtugtar le chéile na príomhghníomhaithe uile lena mbaineann chun tuiscint trasearnálach a fhorbairt ar staid na bochtaineachta fuinnimh ar gach leibhéal. Dá réir sin, is uirlis rialachais ildisciplíneach é, a d'fhéadfadh a bheith ina thionscadal treoraithe le haghaidh réimsí beartais eile. Is féidir le faireachlanna den sórt sin ardán a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara, páirt a ghlacadh sa díospóireacht náisiúnta agus áitiúil trí léargas tábhachtach a thabhairt ar fhadhb na bochtaineachta fuinnimh agus tionscnaimh bheartais a mholadh.

(25) Is léir ó thaithí roimhe seo go bhfuil muinín ar cheann de na príomhghnéithe chun déileáil go rathúil le teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, chun tairbhithe scéimeanna tacaíochta a shainaithint agus chun teagmháil a dhéanamh leo.

(26) Tá ról ríthábhachtach ag cumarsáid éifeachtach agus ag comhroinnt faisnéise ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir maidir le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Tá riachtanais agus cumais éagsúla ag teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, agus b'fhéidir gan ach rochtain theoranta a bheith acu ar fhaisnéis ábhartha. Is féidir le líonraí comhairleacha fuinnimh nó ionaid ilfhreastail,

mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2023/1791 mar aon leis na tograí le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha. Ba cheart é a bheith éasca teacht ar na huirlisí sin agus ba cheart dóibh a bheith curtha in oiriúint do riachtanais teaghlach ar ioncam íseal, atá leochaileach nó a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, agus d'fhéadfaí iad a chur ar fáil freisin trí oibrithe cúraim shóisialta agus cúraim sláinte, nó trí oibrithe túslíne eile a bhíonn i dteagmháil dhíreach go rialta le grúpaí den sórt sin sa daonra.

(27) Leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' agus leis an Teachtaireacht '*REPowerEU*: *Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe'*[20], chuir an Coimisiún in iúl go soiléir gur gníomhaíochtaí éifeachtacha iad bearta éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh in earnáil na bhfoirgneamh, chun teaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus teaghlaigh leochaileacha a chumhachtú agus a chosaint. Trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, is féidir éifeachtaí diúltacha sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú agus tairbhí sóisialta a uasmhéadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhálaí maireachtála sna foirgnimh a bhfuil an fheidhmíocht fuinnimh is measa acu agus bochtaineacht fuinnimh a mhaolú nó a chosc fiú.

(28) Príomhphrionsabal atá cumhdaithe i ndlí an Aontais is ea tosaíocht a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh. Soláthraítear le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2023/1791 bunús dlí lena cur i bhfeidhm. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus chun feabhas a chur ar fholláine na ndaoine agus na gcónaitheoirí.

(29) Trí thosaíocht a thabhairt d'athchóiriú na bhfoirgneamh leis an bhfeidhmíocht fuinnimh is measa, is féidir aghaidh a thabhairt go díreach ar an mbochtaineacht fuinnimh, ós rud é go mbíonn daoine a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus daoine leochaileacha ina gcónaí sna foirgnimh sin. Trí athchóiriú fuinnimh, is féidir riachtanais fuinnimh téimh agus fuaraithe na dtithe a laghdú go mór agus dá bhrí sin is féidir aeráid chuí laistigh a bheith ag na háitritheoirí ach billí fuinnimh níos ísle a bheith acu, rud a chuideoidh le teaghlaigh a thabhairt as an mbochtaineacht fuinnimh. Ina theannta sin, trí athchóiriú fuinnimh foirgneamh a uas-scálú, is féidir poist a ghiniúint agus a chaomhnú a chuireann go hindíreach le leas an phobail. Is tionscnamh de chuid an Aontais é an Bauhaus Eorpach Nua[21], arb é is aidhm dó cuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích trí thosaíocht a dhéanamh d'éifeachtúlacht fuinnimh, d'inacmhainneacht agus den chuimsitheacht.

(30) Is féidir éifeachtaí dearfacha athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear éifeachtaí ar dhálaí maireachtála, a uasmhéadú trí chineálacha cur chuige comhtháite rannpháirteacha agus ceantair, nuair a chomhtháthaítear athchóiriú fuinnimh i gceantair atá bocht ó thaobh fuinnimh de i gcláir chuimsitheacha shóisialta níos leithne agus i gcláir athnuachana uirbí. Is féidir le dreasachtaí scoilte a bheith ina mbacainn ar athchóiriú foirgneamh, toisc nach bhfuil na féidearthachtaí céanna ag tionóntaí agus

[20] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe (COM(2022) 108 final).

[21] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Bauhaus Eorpach Nua Choiste na Réigiún: Álainn, Inbhuanaithe, Le Chéile (COM(2021) 573 final).

atá ag úinéirí tí i ndáil le cinnteoireacht maidir le feabhsuithe teaghaise. Tarlaíonn siad i gcás nach dtéann tairbhí idirbhirt nó infheistíochta chun tairbhe go díreach don ghníomhaí a íocann costais an idirbhirt nó na hinfheistíochta.

(31) Ní mór teaghlaigh leochaileacha a chosaint ó chostais tithíochta níos airde a d'fhéadfadh a bheith i ndiaidh athchóirithe agus a d'fhéadfadh díshealbhuithe, díláithriú agus gruaigniú a bheith mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go bhféachfaidh na Ballstáit go cúramach ar a meascán beartais foriomlán maidir le tionchair dhiúltacha dhíreacha nó indíreacha ar theaghlaigh leochaileacha. Ar na bearta chun tionóntaí a chosaint ar thionchair dhiúltacha gan iarraidh, is féidir leis an méid a leanas a bheith san áireamh; tacaíocht airgeadais choinníollach d'oibreacha athchóirithe lena gcuirtear cosc ar dhíshealbhú tionóntaí, dreasachtaí cánach do thiarnaí talún, tacaíocht airgeadais chun riaráistí cíosa a réiteach nó a athsceidealú do theaghlaigh bhochta, uasteorainn ar an méadú cíosa má fhaigheann an t-úinéir tacaíocht airgeadais phoiblí, nó bearta reachtacha lena n-áirithítear cothromaíocht idir méaduithe ar chíos agus coigilteas fuinnimh a bhaintear amach tríd an athchóiriú. Is céimeanna riachtanacha freisin iad forfheidhmiú an chreata rialála lena gcosnaítear tionóntaí agus lena dtugtar aghaidh ar thiarnaí talún, agus rochtain ar fhaisnéis faoin gceart chun tithíochta agus cearta tionóntaí in aghaidh díshealbhuithe.

(32) Tá feidhm ag prionsabail na héifeachtúlachta fuinnimh freisin maidir le fearais tí atá tíosach ar fhuinneamh, ar fearais iad ar féidir leo cur le coigilteas suntasach fuinnimh. Is féidir le caighdeáin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm trí rialacha lipéadaithe éicidhearthóireachta agus fuinnimh, coigilteas mór fuinnimh a thabhairt do theaghlaigh san Aontas.

(33) Le córais méadraithe chliste, córais a thacaíonn le léamha cruinne agus léamha atá gar d'fhíor-am, cuirtear ar chumas tomhaltóirí faireachán a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh iarbhír i rith an lae agus is féidir leo cabhrú le daoine atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a shainaithint. Mar thoradh air sin, cabhraíonn siad le tomhaltóirí smacht a fháil ar a n-iompar fuinnimh, agus a n-ídiú a choigeartú chun a gcostais a choinneáil faoi smacht, agus cuireann siad deireadh le billí measta agus le casaoid na haisbhilleála. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, ar teaghlaigh iad a mbíonn srianta airgeadais níos déine orthu go minic agus a mbíonn tionchar díréireach ag luaineachtaí i bpraghsanna fuinnimh orthu. Níor cheart go bhfágfaí teaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh as rochtain ar theicneolaíochtaí cliste a thacódh leo a dtomhaltas fuinnimh a laghdú nó a bhainistiú ar bhealach níos fearr, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil dóibh tairbhe a bhaint as dul chun cinn leanúnach sa teicneolaíocht fuinnimh agus sa digitiú.

(34) Tá dícharbónú an chórais fuinnimh trí dheireadh a chur le breoslaí iontaise de réir a chéile agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur ina n-ionad ríthábhachtach i gcomhrac an Aontais in aghaidh an athraithe aeráide. Is léir i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin agus an méadú praghais ar fhuinneamh an phráinn atá le haistriú níos tapúla ó ghás nádúrtha chun teaghlaigh a théamh agus leis an aistriú sin, beidh aird agus tacaíocht ar leith ag teastáil ó theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip an prionsabal nach bhfágfar aon duine ar lár, rud atá fíorthábhachtach sa chomhthéacs sin. Gné lárnach chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh is ea tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus iad ag aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí in-athnuaite fuinnimh níos saoire dá soláthar fuinnimh. Léirítear é sin freisin in Airteagal 23(4) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle[22] ina gceanglaítear ar na Ballstáit inrochtaineacht ar fhuinneamh in-athnuaite a áirithiú do gach tomhaltóir, go háirithe dóibh siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha nach mbeadh dóthain caipitil tosaigh acu murach sin chun tairbhe a bhaint as.

(35) Tá fuinneamh in-athnuaite níos inacmhainne do thomhaltóirí más féidir leo rochtain dhíreach a bheith acu air. An acmhainn theoranta atá ag teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh chun rochtain a fháil ar fhuinneamh in-athnuaite agus éirí gníomhach; is féidir le comhscéimeanna féintomhaltais an fhadhb sin a réiteach – mar thomhaltóirí a tháirgeann leictreachas (ar a dtugtar 'táirgeoirí is tomhaltóirí'). Mar tháirgeoir is tomhaltóir agus trí rannpháirtiú i gcomhscéimeanna féintomhaltais gnóthaítear tairbhí neamhairgeadais níos leithne, mar atá cumhachtú, scileanna nua, agus cuimsiú sóisialta don duine aonair, chomh maith le hiontaoibh agus idirnaisc don phobal.

(36) I measc na gcomhscéimeanna féintomhaltais tá pobail fuinnimh agus scéimeanna comhroinnte fuinnimh. Tacaíonn an Coimisiún le cur chun feidhme éifeachtach reachtaíocht an Aontais maidir le pobail fuinnimh sna Ballstáit agus molann sé[23] forálacha sonracha maidir le comhroinnt fuinnimh. Tá ról tábhachtach le himirt ag bardais maidir le scéimeanna comhchoiteanna féintomhaltais a dhéanamh oscailte agus inrochtana do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, go háirithe i gcásanna ina mbeadh ceanglais airgeadais i gceist murach sin, agus nósanna imeachta agus costais chasta riaracháin.

(37) Chun bearta a théann i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh a fháthmheas, a dhearadh, a bhunú agus a chur chun feidhme, ní mór lucht déanta beartas ar gach leibhéal a chur ar an eolas agus na bunchúiseanna a ghabhann le bochtaineacht fuinnimh a dtoghcheantair a thuiscint. Cuireann an Bhliain Eorpach um Scileanna 2023[24] agus an Comhshocrú um Scileanna, mar chuid den chlár oibre Scileanna don Eoraip[25], deiseanna ar fáil do chomhaltaí an chomhaontaithe treoir iomchuí a fháil maidir le forbairt scileanna. Cuireann an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht, atá maoinithe ag an Aontas[26], oiliúint agus tacaíocht ar líne spriocdhírithe ar fáil do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear rialtais áitiúla, maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh. Cuidíonn an obair a dhéanann siad ar tháscairí freisin leis na Ballstáit táscairí a roghnú agus a chur in iúl ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil[27].

(38) Thairis sin, ba cheart na scileanna a bheith ag oibrithe a bhíonn i dteagmháil dhíreach agus rialta le daoine atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, amhail iad siúd a bhíonn ag obair i gcúram sláinte, san oideachas, nó oibrithe sóisialta, mar aon le comhairleoirí fuinnimh, chun bochtaineacht fuinnimh a shainaithint agus comhairle agus faisnéis a

---

22 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

23 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (COM(2023) 148 final)

24 Cinneadh (AE) 2023/936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le Bliain Eorpach na Scileanna (IO L 125, 11.5.2023, lch. 1).

25 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'An Clár Oibre Scileanna don Eoraip don iomaíochas, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht' (COM(2020) 274 final)

26 An Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht (EPAH) (europa.eu)

27 https://energy-poverty.ec.europa.eu/observing-energy-poverty/national-indicators_en

chur ar fáil do theaghlaigh atá buailte ag bochtaineacht fuinnimh. D'fhéadfadh comhairle maidir le bunbhearta laghdaithe tomhaltais fuinnimh a bheith san áireamh san fhaisnéis sin, faisnéis ina mínítear billí fuinnimh, comhairle maidir le tithíocht agus cearta tionóntaí in aghaidh díshealbhuithe nó i gcás ina bhfaighidh siad comhairle nó tacaíocht bhreise.

(39) Baineann saincheist na scileanna le tomhaltóirí freisin. Chun go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as an aistriú chuig fuinneamh glas, tá dreasachtaí agus scileanna de dhíth ar thomhaltóirí chun dul i ngleic le fuinneamh ar bhealach níos gníomhaí trí litearthacht fuinnimh agus litearthacht dhigiteach níos fearr, i gcomhréir lena riachtanais fuinnimh agus lena spriocanna laghdaithe fuinnimh araon. Chuige sin, teastaíonn scileanna amhail méadair chliste a úsáid agus tairbhe a bhaint as solúbthacht éilimh agus foinsí in-athnuaite fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar theaghlaigh leochaileacha agus orthu siúd a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh chun cabhrú leo feabhas a chur ar a litearthacht fuinnimh, airgeadais agus dhigiteach agus a staid tosaigh ar staid níos deacra é a shárú, agus i gcomhthéacs ghlacadh na dteicneolaíochtaí nuálacha freisin. D'fhéadfadh sé gur chuir roinnt grúpaí srian le roghanna chun bearta leordhóthanacha a dhéanamh, lena n-áirítear iad siúd i gcóiríocht ar cíos, i dtithíocht shóisialta nó i gcineál eile tithíochta nach bhfuil faoi úinéireacht.

(40) Tá maoiniú ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Ba cheart 30 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[28] agus de mhéid iomlán Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh[29] agus 37 % ar a laghad de mhéid iomlán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[30] a chaitheamh ar chuspóirí aeráide a phríomhshruthú. Sa chomhthéacs sin, tá deis mhór ann bearta struchtúracha a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá sciar mór acmhainní leithdháilte ag na Ballstáit ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear athchóiriú foirgneamh. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na pleananna agus caibidlí REPowerEU á gcur san áireamh, tá ról tábhachtach ag an mbochtaineacht fuinnimh mar cheann de na sé chuspóir ar cheart na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí rannchuidiú lena réiteach. Cuireann Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe[31] infheistíochtaí móra ar fáil freisin chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta chun dul i ngleic go sonrach leis an mbochtaineacht fuinnimh.

(41) Rannchuidíonn an Ciste um Aistriú Cóir[32], mar chuid den Sásra um Aistriú Cóir, le bearta éifeachtúlachta fuinnimh a mhaoiniú i gcríocha a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha acu a eascraíonn as an bpróiseas aistrithe i dtreo spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais. In go leor de na críocha sin is ann

[28] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

[29] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).

[30] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

[31] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, IO L 231, 30.6.2021, lgh. 60–93

[32] Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir

do bhraislí mór-limistéir bochtaineachta fuinnimh. Thairis sin, tá bochtaineacht fuinnimh incháilithe freisin chun maoiniú a fháil ó ioncam náisiúnta faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], agus na leithdháiltí faoin gCiste don Nuachóiriú[34] agus tríd an gCiste Aeráide Sóisialta atá ar na bacáin.

(42) Bainistíonn an Coimisiún tionscadail a thugann aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE)[35]. Thairis sin, tríd an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht arna chistiú ag an Aontas, cuireann sé cúnamh teicniúil ar fáil do bhardais chun bochtaineacht fuinnimh a fháthmheas, chun gníomhaíochtaí spriocdhírithe áitiúla a phleanáil agus a chur chun feidhme. Faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil[36], tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, ina n-iarrachtaí athchóirithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear i réimse na bochtaineachta fuinnimh, athchóiriú foirgneamh, agus dréachtú na bPleananna Aeráide Sóisialta.

(43) Tá cistiú mór leanúnach ag teastáil le haghaidh bearta struchtúracha, go háirithe iad siúd a bhaineann le rochtain ar éifeachtúlacht fuinnimh, athchóiriú foirgneamh nó fuinneamh in-athnuaite, i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir (AE) 2023/1791. Tá sé tábhachtach go ndéanfar caiteachais phoiblí agus scéimeanna maoiniúcháin a oiriúnú go leordhóthanach chun tacú le teaghlaigh leochaileacha atá i mbochtaineacht fuinnimh, chun tuilleadh infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh, chun táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn agus chun ráthaíochtaí poiblí a chur ar fáil. Ba cheart do na Ballstáit freastal freisin ar a bpleananna agus ar a gcláir arna maoiniú ó chistí an Aontais chun díriú ar theaghlaigh leochaileacha atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh agus sineirgí a chruthú ag an am céanna ar fud an Aontais agus idir pleananna agus cláir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

(44) Ós rud é nach bhfuil acmhainní dílse ag teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus nach bhfuil ach rochtain theoranta acu ar iasachtaí tráchtála, tá bacainní rompu teacht ar mhaoiniú le haghaidh infheistíochtaí. Dá bhrí sin, tá tacaíocht airgeadais phoiblí ag teastáil ó theaghlaigh den sórt sin a d’fhéadfadh a bheith i bhfoirm fóirdheontas díreach roimh ré, íocaíocht dhíreach as na hoibreacha éifeachtúlachta fuinnimh nó athchóirithe, iasacht phoiblí a ligeann do theaghlaigh an infheistíocht phoiblí a aisíoc de réir mar a shábhálann siad ar a mbille fuinnimh, iasachtaí úis nialais agus iasachtaí úis ísle nó aon bhealach nuálach eile maoiniúcháin chun cabhrú leo oibreacha athchóirithe fuinnimh a mhaoiniú.

---

33 Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

34 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh Ballstát áirithe a fheabhsú (C(2020)4541)

35 Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53).

36 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1–16)

AG MOLADH LEIS SEO DO NA BALLSTÁIT:

*Roinn I – an creat dlíthiúil a chur chun feidhme*

1. Céimeanna tapa a ghlacadh chun an sainmhíniú ar bhochtaineacht fuinnimh de bhun Airteagal 2, pointe (52), de Threoir (AE) 2023/1791 a thrasuí agus a chur chun feidhme sa dlí náisiúnta. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh sa sainmhíniú náisiúnta idir coincheap na 'bochtaineachta fuinnimh' agus coincheap na gcustaiméirí leochaileacha, bunaithe ar Airteagal 3 de Threoir 2009/73/CE, ar Airteagal 28 de Threoir (AE) 2019/944 agus ar Airteagal 24(1), an chéad fhomhír, de Threoir (AE) 2023/1791.

2. A áirithiú go ndéanfar na difríochtaí idir coincheapa na gcustaiméirí leochaileacha agus na bochtaineachta fuinnimh, mar aon lena gcomhlántachtaí, a léiriú go cuí i mbeartais agus i mbearta ar an leibhéal náisiúnta chun cabhrú leis na Ballstáit pacáistí beartais ábhartha a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar bhearta bochtaineachta fuinnimh agus cumhachtaithe.

3. Leas a bhaint as an gcreat iomlánaíoch a bunaíodh leis na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide chun anailís agus nuashonrú a dhéanamh ar shaincheist na bochtaineachta fuinnimh ina gcríoch agus chun machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun aghaidh a thabhairt uirthi. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit na chéad chéimeanna a ghlacadh agus a bPleananna Aeráide Sóisialta á n-ullmhú acu.

4. Táscairí a chuirtear ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a mheas chun líon na dteaghlach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh a chinneadh agus rannpháirtíocht a ghlacadh sna suirbhéanna mar chuid de mhodúil ábhartha an staidrimh Eorpaigh maidir le hioncam agus dálaí maireachtála. Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht agus ar inchomparáideacht na bhfoinsí malartacha sonraí agus ba cheart dóibh a bheith trédhearcach maidir leis na táscairí a úsáideann siad chun bochtaineacht fuinnimh a shainaithint agus a chomhrac (lena n-áirítear faisnéis maidir leis na deicílí ioncaim).

*Roinn II – bearta struchtúracha, inacmhainneacht agus rochtain ar fhuinneamh*

5. Idirdhealú soiléir a dhéanamh idir bearta struchtúracha chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus bearta chun inacmhainneacht fuinnimh a fheabhsú.

6. Tosaíocht a thabhairt do bhearta struchtúracha éifeachtacha spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh, a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, le hathchóiriú foirgneamh, le hiarfheistiú teirmeach (agus carachtar na bhfoirgneamh á urramú ag an am céanna), le rochtain ar fhearais atá tíosach ar fhuinneamh agus ar fhuinneamh in-athnuaite. Féadfaidh na Ballstáit bearta spriocdhírithe a chur leis na bearta struchtúracha chun inacmhainneacht fuinnimh a fheabhsú, amhail tacaíocht ioncaim spriocdhírithe agus taraifí sóisialta, nó chun tacú go sealadach le teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh.

7. Bearta a chur i bhfeidhm chun díscor tomhaltóirí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus díscor tomhaltóirí leochaileacha a chosc, trí scéimeanna tacaíochta airgeadais spriocdhírithe, agus trí ghníomhaíochtaí, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, lena gcuimseofar, i measc nithe eile, pleananna íocaíochta agus comhairle éifeachtúlachta fuinnimh, conarthaí soláthair malartacha nó cúnamh ó

sheirbhísí sóisialta agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Chun tomhaltóirí a chosaint tuilleadh agus leanúnachas an tsoláthair a áirithiú, moltar do na Ballstáit a áirithiú gur ann do sholáthróir na rogha deiridh.

8. Comhleanúnachas idir beartais a áirithiú, go háirithe idir beartais fuinnimh agus beartais shóisialta, agus bearta a thagann salach ar a chéile a sheachaint. Ba cheart do na Ballstáit an bhochtaineacht fuinnimh a áireamh i mbeartais shóisialta comhtháite níos leithne agus i gcur chuige an cheartais shóisialta agus beartais chuimsitheacha agus chumhachtaithe a chur i bhfeidhm, go háirithe do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, do thionóntaí, do dhaoine atá ina gcónaí i dtithíocht shóisialta agus do na foirgnimh ina bhfuil an fheidhmíocht fuinnimh is measa.

*Roinn III - Rialachas*

10. Rialachas feabhsaithe a áirithiú le cur chuige iomlánaíoch chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear comhar trasrannach agus ingearach ar fud struchtúir rialachais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht níos dlúithe le teaghlaigh leochaileacha agus le comhpháirtithe ábhartha fuinnimh agus sóisialta agus le páirtithe leasmhara ábhartha.

11. Machnamh a dhéanamh ar fhaireachlanna náisiúnta maidir le bochtaineacht fuinnimh a ainmniú agus a chumhachtú, a bhféadfadh údaráis phoiblí, lucht acadúil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, soláthraithe fuinnimh agus soláthróirí fuinnimh a bheith san áireamh iontu, agus ag an am céanna sainordú soiléir agus modhanna soiléire a thabhairt dóibh chun staid na bochtaineachta fuinnimh a shainaithint, faireachán agus anailís a dhéanamh uirthi ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht.

*Roinn IV – Iontaobhas, rannpháirtíocht agus cumarsáid*

12. Agus bearta agus gníomhaíochtaí á gceapadh lena dtéitear i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh, aird ar leith a thabhairt ar chumarsáid spriocdhírithe agus shaincheaptha lena gcothaítear muinín i measc tairbhithe scéimeanna ábhartha agus lena seachnaítear stiogma a bheith luaite le grúpaí leochaileacha. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as oibrithe túslíne cáilithe dá dtagraítear i bpointe 21 chun cuidiú le teaghlaigh atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh a shainaithint agus comhairle a chur orthu.

13. Dlús a chur le feachtais faisnéise éifeachtúlachta fuinnimh a dhíríonn ar theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, chun a áirithiú go bhfaighidh na grúpaí daonra sin faisnéis agus comhairle shaincheaptha agus leas á bhaint acu as acmhainneacht uile na líonraí comhairleacha fuinnimh agus na n-ionad ilfhreastail. Leis na feachtais sin ba cheart spreagadh a bheith ann beart éifeachtúlachta fuinnimh a ghlacadh in earnáil an chíosa freisin, rud a mhaolódh dreasachtaí deighilte idir tiarnaí talún agus tionóntaí agus a laghdódh bochtaineacht fuinnimh agus billí fuinnimh níos ísle ann mar thoradh ar athchóirithe.

*Roinn V - Éifeachtúlacht fuinnimh*

14. Bearta a dhéanamh chun dlús a chur leis an ráta athchóirithe maidir leis na foirgnimh a bhfuil an fheidhmíocht fuinnimh is measa acu, ar bhealach a chinntíonn ar a laghad an oiread coigiltis agus a theastaíonn ón teaghlach chun compord teirmeach

leordhóthanach laistigh a bhaint amach. Le bearta tacaíochta do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, ba cheart an struchtúr úinéireachta sa mhargadh tithíochta a chur san áireamh agus eisiamh úinéirí tí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh ar thaobh amháin agus eisiamh tionóntaí ar an taobh eile a sheachaint.

15. Coimircí rialála agus sóisialta a bhunú agus anailís a dhéanamh ar an meascán beartais chun a áirithiú nach mbeidh méaduithe iomarcacha ar chíosanna ná ar chostais tithíochta mar thoradh ar chostais tithíochta tar éis feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh nó athchóiriú teaghaisí, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le saincheisteanna neamh-inacmhainneachta, easáitiú cónaitheoirí, díshealbhú agus uaisliú ceantair.

16. Scéimeanna a chur ar bun chun é a chur ar a gcumas do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh rochtain a fháil ar fhearais tí atá tíosach ar fhuinneamh, chun billí fuinnimh na dtionóntaí agus na n-úinéirí tí araon a laghdú.

17. Dlús a chur le cur in úsáid córas méadraithe cliste a chuireann ar a gcumas do thomhaltóirí rochtain thráthúil a bheith acu ar a dtomhaltas leictreachais agus gáis agus chun é a chur ar a gcumas dóibh a dtomhaltas fuinnimh a bhainistiú agus tairbhe a bhaint as dul chun cinn sa teicneolaíocht fuinnimh agus sa digitiú. Leis na hiarrachtaí sin, ba cheart riachtanais shonracha na gcustaiméirí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus custaiméirí leochaileacha a chur san áireamh agus cloí le caighdeáin cosanta sonraí an Aontais.

*Roinn VI - Rochtain ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite*

18. A áirithiú go gcuirfear ar a gcumas do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh a bheith páirteach leis na gnóthachain dícharbónaithe agus le haistriú atá cóir go sóisialta. Ba cheart rochtain chomhionann a bheith ag gach teaghlach ar úsáid fuinnimh in-athnuaite, agus ar theicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh agus tairbhe a bhaint as deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise in earnáil an téimh.

19. A chur ar a gcumas do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh rochtain a fháil ar scéimeanna comhroinnte fuinnimh, i measc nithe eile, trí dheireadh a chur le bacainní iontrála airgeadais do theaghlaigh den sórt sin agus trí rannpháirtíocht na mbardas a spreagadh i scéimeanna den sórt sin.

*Roinn VII - Scileanna*

20. A áirithiú go gcuirfear oiliúint ar lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal riaracháin, agus ar chleachtóirí agus comhairleoirí fuinnimh maidir le cúrsaí fuinnimh, lena n-áirítear ábhair a bhaineann leis an mbochtaineacht fuinnimh, agus gnéithe ilghnéitheacha na bochtaineachta fuinnimh agus comhthéacs an aistrithe fuinnimh ghlain á gcur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an tacaíocht theicniúil atá ar fáil ón Aontas sa réimse seo.

21. Cláir a chur i bhfeidhm chun oiliúint a chur ar oibrithe túslíne maidir le bochtaineacht fuinnimh agus réitigh fuinnimh ghlais. Ba cheart go n-áireofaí ar oibrithe túslíne a dtugtar aghaidh orthu sna cláir sin oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta nó gairmithe eile ar féidir leo cabhrú le teaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh a shainaithint agus comhairle agus faisnéis a

chur ar fáil dóibh go díreach maidir le réitigh chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun rochtain níos inacmhainne agus níos nuálaí a fháil ar fhoinsí fuinnimh.

22. Cúrsaí oiliúna spriocdhírithe a thairiscint do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil scileanna ísle digiteacha acu. Leis na cúrsaí sin, ba cheart feabhas a chur ar fheasacht na dteaghlach a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh maidir le litearthacht dhigiteach, rud a chuirfeadh ar a gcumas dóibh a mbillí fuinnimh a rialú ar bhealach níos fearr agus páirt ghníomhach a ghlacadh san aistriú fuinnimh glan agus cóir.

*Roinn VIII - Maoiniú*

23. Úsáid a bhaint as an gcistiú atá ar fáil ón Aontas chun dul i ngleic tuilleadh leis an mbochtaineacht fuinnimh, trí scéimeanna tacaíochta um éifeachtúlacht fuinnimh agus trí scéimeanna lena ligtear do theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh rochtain a fháil ar scéimeanna féintomhaltais comhchoiteanna, ar scéimeanna saincheaptha iadsan a thástáiltear ó thaobh acmhainní de. Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha maidir le cistí a iarraidh a shimpliú a mhéid is féidir agus teorainn a chur le líon na mbacainní riaracháin agus na gcostas a ghabhann leis na hiarrataí sin.

24. Scéimeanna tacaíochta éifeachtúlachta fuinnimh a dhearadh ina ndírítear ar theaghlaigh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh. Agus na scéimeanna sin á mbunú acu, ba cheart do na Ballstáit a choinneáil i gcuimhne nach féidir leis na teaghlaigh sin costais tosaigh athchóirithe a íoc cé go n-aisíocfaí iad ina dhiaidh sin, agus nach mbaineann siad tairbhe as bónais agus asbhaintí a bhaineann le cáin toisc gur beag an cháin ioncaim a ghearrtar orthu.

25. Tacú le forbairt agus uas-scálú scéimeanna maoiniúcháin nuálacha don fhuinneamh in-athnuaite agus do ghníomhaíochtaí agus scéimeanna éifeachtúlachta fuinnimh atá tiomnaithe do theaghlaigh bhochta a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20.10.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Kadri SIMSON*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach